# DEARBHÚ UM ATHCHÓIRIÚ FEITHICLE

- Ní gá an fhoirm seo a chomhlánú ach amháin nuair a dhéantar Feithicil atá Cláraithe Thar Lear a athchóiriú roimh í a chlárú in Éirinn, nó feithicil Cláraithe in Éirinn faoi na cúinsí atá liostaithe – Féach Nótaí.
- Ní mór í a chomhlánú agus a thíolacadh mar chuid d'iarratais áirithe faoi na Rialacháin um Thiománaithe Míchumasaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamháltais Chánach), (I.R. Uimhir 353 de 1994, arna leasú) – Féach Nótaí.

**SONRAÍ AR CHINEÁL AN ATHCHÓIRITHE FEITHICLE** (cuir tic ☑ de réir mar is cuí)

Feithicil atá Cláraithe thar lear? ☐ **NÓ** Feithicil atá Cláraithe in Éirinn? ☐

Iarratas ar Dhíolúine faoi na Rialacháin um Thiománaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe? IS EA ☐ Ní hEA ☐

**SONRAÍ TEICNIÚLA NA FEITHICLE**

UAF ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐

Uimhir Chláraithe ☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐☐ WLTP CO2 g/km ☐☐☐ NOx mg/km ☐☐☐

Déanamh: ______________________ Múnla: ______________________

Athraitheach: ______________________ Leagan: ______________________

Míleáiste (an t-achar a tiomáineadh an fheithicil ó bhí sé nua): ______________ KM ☐ Míle ☐ (Cuir tic ☑ le ceann acu)

Costas iomlán an Athchóirithe lena n-áirítear CBL: € __________ **NB**: Ní mór liosta de na sonraisc / admhálacha, a thaispeánann dátaí agus suimeanna, a bheith ceangailte.

**SONRAÍ AN ATHCHÓIRITHE**

| Tréithe | Leagan bunaidh | Athchóirithe |
|---|---|---|
| Catagóir Feithicle AE | | |
| Líon na n-ionad suí | | |
| Cabhalra AE | | |
| Mais san Ord Reatha | | |
| Líon na ndoirse | | |
| Líon na bhfuinneog | | |
| Uasmhais Ualaithe Incheadaithe go Teicniúil | | |

Stampa Oifigiúil den Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige/aici

| Cur Síos Ginearálta ar an Athchóiriú (éigeantach) | |
|---|---|

## DEARBHÚ

Dearbhaím leis seo:

- gur duine inniúil a rinne na athchóirithe thuas,
- go gcloíonn an fheithicil athchóirithe le caighdeáin le haghaidh úsáid ar bhóthar poiblí mar atá leagtha síos leis na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tógáil, Trealamh agus Úsáid Feithiclí), (Ionstraim Reachtúil Uimhir 190 de 1963),
- go bhfuil na sonraí athrúcháin thuasluaite i gcomhréir leis na sainmhínithe ginearálta, leis na critéir maidir le catagóiriú feithiclí, cineálacha feithiclí agus cineálacha cabhalra atá leagtha amach i Rialachán (AE) 2018/858,
- go bhfuil na hathchóirithe deimhnithe ag Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici agus tá an deimhniú sin, arna stampáil go cuí, ceangailte leis an dearbhú seo,
- go bhfuil an dearbhú seo stampáilte ag an Duine sin a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici,
- Glacaim leis gurb é mo fhreagracht féin uile é a chinntiú go gcomhlíonann an fheithicil seo, atá athchóirithe, riachtanas an dlí um Thrácht ar Bhóithre agus go bhfuil sí deimhnithe i gceart mar sin.

Sínithe (Úinéir na Feithicle): ______________________ Dáta: ____ / ____ / ____

Ainm (i mBloclitreacha): ______________________ UPSP / Uimhir Chánach: ______________

Seoladh: ______________________ Uimhir fóin lae: ______________

______________________ ______________

______________________

**RABHADH: Aon duine atá bainteach go feasach in imghabháil cánach nó i gcéimeanna a thógáil chun críocha imghabhála cánach CCF, acu siúd nó ag duine eile, beidh an duine sin ciontach as coir inphionóis le fíneálacha agus príosúnacht nuair a chiontófar iad**

**Teimpléid le haghaidh Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici, Dearbhú um Athchóiriú**

Ní mór dearbhú a bhaineann leis an bhfeithicil athchóirithe ag an Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici a rinne iniúchadh ar an bhfeithicil agus a bhfuil sásta le caighdeán agus cáilíocht an athchóiriú agus cruinneas dhearbhú an úinéara.

**Ní mór an dearbhú a dhréachtú ar pháipéar ceannteidil an Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici**, agus ní mór Ainm agus / nó Ainm Gnó, seoladh, sonraí teagmhála agus uimhir chánach a bheith ann.

Ní mór go bhfuil na sonraí seo a leanas sa dearbhú é féin:

**SONRAÍ NA FEITHICLE**

UAF | | | | | | | | | | | | | | | | | |

Uimhir Chláraithe | | | | | | | | | | | | WLTP CO2/km | | | | NOx mg/km | | | |

**CUMAS AN DUINE A BHFUIL NA C ÁILÍOCHTAÍ CUÍ AIGE / AICI**

Dearbhaím go bhfuil an méid seo a leanas agam (cuir tic ☑ de réir mar is cuí):

(i) cáilíocht Innealtóireachta / Theicniúil (Leibhéal 7 nó cúrsaí creidiúnaithe níos airde) ☐

(ii) creidiúnú le hInnealtóirí Éireann mar Innealtóir Cairte nó Comhlach ☐

(iii) ballraíocht nó ballraíocht chorpraithe le hInstitiúid na Measúnóirí Innealtóireachta Mótarfheithiclí (Institute of Automotive Engineer Assessors) ☐

(iv) Faomhadh ón Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann mar ionad tástálacha ceadaithe ☐

(v) Ceardlann Ceadaithe ag Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann chun Feithiclí a Athchóiriú do Thiománaithe Míchumasaithe ☐

An líon blianta de thaithí chuí: ____________________

Sonraí faoi árachas slánaíochta gairmiúla: ____________________

Láthair an Iniúchta: ____________________

**Sa chás go dteastaíonn faisnéis bhreise, ba chóir í a cheangal mar bileog ar leithligh.**

## Dearbhú

Dearbhaím leis seo:

- tar éis scrúdú a dhéanamh ar fheithicil a bhfuil an UAF a bhfuil cur síos déanta uirthi thuas aici, is é mo thuairim ghairmiúil go gcomhlíonann an fheithicil seo riachtanais na Rialachán um Thrácht ar Bhóithre (Tógáil, Trealamh agus Úsáid Feithiclí), (Ionstraim Reachtúil Uimh. 190 de 1963),
- go bhfuil mé sásta go gcomhlíonann an fheithicil athchóirithe na critéir chuí uile i Rialachán (AE) Uimhir 2018/858,
- go bhfuil an fhaisnéis atá sa Dearbhú um Athchóiriú ag Úinéir na Feithicle atá stampáilte agam go cuí, fíor agus ceart,
- go gcomhlíonaim na riachtanais ghairmiúla mar atá leagtha amach thíos.

Síniú an Deimhnitheora: ____________________ Seoladh: ____________________

Ainm (i mBloclitreacha): ____________________ ____________________

Dáta: _____ / _____ / ______ ____________________

**RABHADH: Aon duine atá bainteach go feasach in imghabháil cánach nó i gcéimeanna a thógáil chun críocha imghabhála cánach CCF, acu siúd nó ag duine eile, beidh an duine sin ciontach as coir inphionóis le fíneálacha agus príosúnacht nuair a chiontófar iad**

**Ní mór an méid seo a leanas a bheith ag an Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici:**

- cáilíocht Innealtóireachta / Theicniúil (Leibhéal 7 nó cúrsaí creidiúnaithe níos airde) nó creidiúnú cuí le hInnealtóirí Éireann nó le hInstitiúid na Measúnóirí Innealtóireachta Mótarfheithiclí (Institute of Automobile Engineer Assessors),
- taithí cúig bliana ar a laghad ag obair i dtimpeallacht theicniúil oiriúnach (is fearr i dTimpeallacht Mótarfheithiclí nó Innealtóireachta),
- rochtain ar áiseanna leordhóthanacha chun scrúdú cuimsitheach a dhéanamh ar fheithiclí, agus
- árachas slánaíochta gairmiúla cuí,

**nó** ní mór an áis a bheith ina háis ceadaithe ag an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) (Ionad Tástálacha Ceadaithe nó Ceardlann Ceadaithe chun Feithiclí a Athchóiriú do Thiománaithe Míchumasaithe).

**NÓTA:**

- Tá liosta d'Ionaid Tástálacha Ceadaithe an ÚCNÉ agus a scóip ar fáil ar: **https://www.nsai.ie/certification/automotive/national-type-approva/atc/**

**Teimpléad VRTCONVSQI**

# TABHAIR DO D’AIRE

## Feithicil Athchóirithe atá Cláraithe Thar Lear

Ní mór d’úinéir na feithicle an **Dearbhú um Athchóiriú** agus **Dearbhú an Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aic ghaolmhair** a thíolacadh don SNTC agus feithicil den chineál seo á dearbhú le haghaidh clárúcháin.

Féach **www.ncts.ie** le haghaidh doiciméid nach mór a thabhairt chuig an SNTC agus feithicil á cur i láthair le haghaidhclárúcháin.

- Ina theannta sin, ní mór liosta iomlán de na sonraisc/na hadmhálacha a thaispeánann dátaí agus suimeanna mar thacaíocht le costas iomlán an athchóirithe in Euro, lena n-áirítear CBL.

## Feithicil Athchóirithe Cláraithe in Éirinn

**Teastaíonn dearbhú do na Coimisinéirí Ioncaim sna cásanna seo a leanas**

(1) Teastaíonn dearbhú má thaispeánann an Deimhniú Clárúcháin Feithicle ag J1 "B" nó "C" nó "D" nó má tá sé bán, agus:

- cuireadh ionaid suíocháin léi agus más é naoi n-ionad suí nó níos lú an t-iomlán nua lena n-áirítear an tiománaí;

nó

- má bhí deich n-ionad suí nó níos mó inti, baineadh ionad suí as agus más é naoi n-ionad suí nó níos lú an t-iomlán nua lena n-áirítear an tiománaí;

nó

- má athchóiríodh go mótarcharbhán.

(2) Tá gá le dearbhú freisin má tiontaíodh an fheithicil go feithicil de chatagóir N1 de chuid an AE, le níos mó ná sraith amháin suíochán.

**Ach amháin i gcásanna (1) nó (2) thuas,** ní mór d’úinéir na feithicle an **Dearbhú um Athchóiriú** agus **Dearbhú an Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici** ghaolmhair, agus doiciméid tacaíochta eile a thíolacadh ar: thairseach M’Fhiosruithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Mura bhféadtar rochtain a fháil ar acmhainní ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim agus d’iarratas a thíolacadh trí M’Fhiosruithe na gCoimisinéirí Ioncaim, seol d’iarratas i gclúdach SAORPHOST chuig:

An tSeirbhís Náisiúnta CCF, Na Coimisinéirí Ioncaim, Sráid Áine, Loch Garman, Y35 E29K.

**Ba chóir dearbhuithe a thíolacadh mar aon leis na Doiciméid Tacaíochta seo a leanas:**

- cóip den Deimhniú Cláraithe Feithicle (an dá taobh),
- sonraisc a thaispeánann costas an athchóirithe,
- más feithicil de Chatagóir A í feithicil, nó má tá sí á hathchóiriú mar fheithicil Chatagóir A ní mór fianaise ar NOx a chur ar fáil,
- i gcás feithicle atá á tiontú go feithicil de chatagóir N1 de chuid an AE ina bhfuil níos mó ná sraith amháin suíochán, ní mór tomhais agus grianghraif a chur isteach mar a leagtar amach in 'Aguisín 1: Tomhais ar fheithicil athchóirithe go N1 le níos mó ná sraith amháin suíochán',
- i gcás Mótarcharbhán, grianghraif a thaispeánann an taobh istigh uile, ar chóir ceann amháin ar a laghad a thógáil ó thaobh tosaigh an limistéir comhluadair ag breathnú siar agus ceann ó chúl an limistéir comhluadair ag breathnú chun tosaigh ionas go dtugann siad léargas maith ar leagan amach na cóiríochta cónaithe. Ba chóir trí cinn ar a laghad de na grianghraif a bheith ina ngrianghraf den taobh amuigh agus pláta clárúcháin na feithicle ar cheann acu. Níor chóir níos mó ná 15 ghrianghraf san iomlán a thíolacadh.

# TUILLEADH EOLAIS

## Athchóirithe Feithiclí

Le haghaidh eolais ar Dhaoine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí (SQI), Catagóir Feithiclí AE, Cabhalraí AE agus athchóirithe ar Mhótarcharbháin nó Otharchairr, féach ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim:

**https://www.revenue.ie/ga/importing-vehicles-duty-free-allowances/guide-to-vrt/conversions/index.aspx**

Cinntigh gur léigh tú an fhaisnéis uile ar an leathanach sin agus go bhfuil tú eolach uirthi.

## Faoiseamh Cánach i leith Feithiclí do Dhaoine faoi Mhíchumas

Ba chóir an fhoirm um Athchóiriú seo a thíolacadh mar chuid de na hiarratais seo a leanas faoi na Rialacháin um Thiománaithe agus Paisinéirí Míchumasaithe (Lamháltais Chánach), 1993 (I.R. Uimhir 353 de 1994, (arna leasú)) sa chás go bhfuil an bhfeithicil:

- gur Feithicil Athchóirithe Cláraithe in Éirinn í, nó
- gur Feithicil Athchóirithe Cláraithe Thar Lear í, **agus**
- go bhfuil iarratas á dheanamh ar cheann de na díolúintí seo a leanas:
  - Eagraíocht Cháilitheach,
  - Oiriúintí Sonracha - Tiománaí,
  - Oiriúintí Forleathana - Tiománaí, Paisinéir nó Eagraíocht,
  - Oiriúintí d'Fheithiclí, Tiománaí nó Paisinéirí atá oiriúnach do Chathaoireacha Rothaí.

Le haghaidh sonraí faoi Fhaoiseamh Cánach i leith Feithiclí do Dhaoine faoi Mhíchumas, an fhoirm iarratais riachtanach agus sonraí teagmhála, féach suíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim:

**https://www.revenue.ie/ga/importing-vehicles-duty-free-allowances/guide-to-vrt/reliefs-and-exemptions/index.aspx**

# Foirm um Athchóiriú Feithicle – Seicliosta

**Comhlánaigh agus sínigh an seicliosta seo, le do thoil, agus cuir isteach é le do dhearbhú.**

**Tá**

- Tá an t-eolas a chuirtear ar fáil ar suíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim léite agam agus tuigim é: ☐

**https://www.revenue.ie/ga/importing-vehicles-duty-free-allowances/guide-to-vrt/conversions/index.aspx**

## Dearbhú

- An bhfuil an rannán 'Sonraí ar Chineál an Athchóirithe Feithicle' comhlánaithe go hiomlán? ☐
- An bhfuil an rannán 'Sonraí Teicniúla na Feithicle' comhlánaithe go hiomlán? ☐
- An bhfuil an rannán 'Sonraí an Athchóirithe' comhlánaithe go hiomlán? ☐
- An bhfuil an dearbhú stampáilte ag an Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici? ☐
- An bhfuil do chuid sonraí Teagmhála agus do UPSP / Uimhir Chánach curtha ar fáil agatsa, an Dearbhóir? ☐
- An bhfuil SÍNIÚ agus DÁTA curtha agatsa, an Dearbhóir, ar an dearbhú? ☐

## Dearbhú an Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici

- An bhfuil Sonraí na Feithicle comhlánaithe **go hiomlán**? ☐
- An bhfuil Cumas an Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici roghnaithe? ☐
- An bhfuil an Líon Blianta de Thaithí Chuí, srl. dearbhaithe? ☐
- An bhfuil an dearbhú sínithe ag Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici agus sonraí teagmhála curtha ar fáil? ☐

## Doiciméid in Éineacht

- Tá cóip den Deimhniú Cláraithe Feithicle iniata (Feithicil Athchóirithe Cláraithe in Éirinn amháin) ☐
- Fianaise ar astaíochtaí $NO_x$ i gcás feithiclí Chatagóir A, nó athchóiríthe go Catagóir A ☐

**Má bhaineann an tAthchóiriú le Mótarcharbhán, an bhfuil an méid seo a leanas iniata leis an Dearbhú?**

- Sonraisc / admhálacha dátaithe a chlúdaíonn costais an athchóirithe iomláin ☐

Grianghraif den fheithicil athchóirithe, agus an méid seo a leanas san áireamh:

- **Sé** ghrianghraf ar a mhéad den taobh amuigh: taobh-amharc amháin (de gach taobh), amharc tosaigh iomlán amháin agus an chláruimhir le feiceáil ann agus radharc iomlán amháin den chúl. ☐
- **Naoi** ngrianghraf den taobh istigh ar a mhéad lena n-áirítear: ionaid suí agus bord, cóiríocht chodlata, áiseanna cócaireachta, áiseanna stórála, an taobh istigh tógtha ón tosaigh ag breathnú siar, agus an taobh istigh tógtha ón gcúl ag breathnú chun tosaigh. ☐

**Má bhaineann an tAthchóiriú le feithicil N1 a bhfuil níos mó ná sraith amháin suíochán aici, an bhfuil an méid seo a leanas iniata leis an Dearbhú?**

- 'Tomhais chríochnaithe ar fheithicil athchóirithe go N1 le níos mó ná sraith amháin suíochán' (féach Aguisín 1) agus grianghraif ghaolmhara den chró lódála cúil agus den limistéar lasta. ☐

Sínithe (Úinéir na Feithicle): ________________________________________

Ainm (i mBloclitreacha): ____________________________________________

Dáta: _____ / ______ / __________

UPSP / Uimhir Chánach: ______________________

**Tabhair do d'aire:** Sa chás nach bhfuil gach rannán comhlánaithe agus nach bhfuil na doiciméid chuí uile tíolactha, **ní fhéadtar** an dearbhú a phróiseáil agus cuirfear an dearbhú agus na doiciméid uile ar ais chuig an dearbhóir. Ná ceangail stáplaí le cuid ar bith de d'iarratas.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs



Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim

## Aguisín 1:  Tomhais ar fheithicil athchóirithe go N1 le níos mó ná sraith amháin suíochán

I gcásanna ina ndéantar feithicil a athchóiriú go Catagóir N1 AE le níos mó ná sraith amháin suíochán, ní mór tomhais agus grianghraif a chur isteach mar a shonraítear thíos. Ní phróiseálfaidh na Coimisinéirí Ioncaim an dearbhú um athchóiriú mura bhfuil siad lánsásta go bhfuil na tomhais a chuirtear ar fáil cruinn agus go gcomhlíonann an fheithicil na critéir ábhartha d'fheithicil N1, mar a leagtar amach in **Aguisín 1 de Rialachán (AE) 2018/858**.

Ní theastaíonn an t-eolas seo ach amháin chun cabhrú leis na Coimisinéirí Ioncaim an t-iarratas athchóiriú a phróiseáil. Tá sé fós de fhreagracht ar úinéir na feithicle a chinntiú go ndeimhníonn Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige/aici go gcomhlíonann an fheithicil athchóirithe gach caighdeán agus rialachán ábhartha.

**Toisí Cró lódála Cúil:**

Tabhair na toisí seo a leanas le haghaidh cró lódála cúil na feithicle athchóirithe. Ní mór do Dhuine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige / aici tomhais a dhéanamh. Sainmhínítear na téarmaí "airde an chró lódála" agus "dromchla an chró lódála" in Aguisín *1* de Rialachán (AE) 2018/858. Ciallaíonn an téarma 'leithead cró' leithead soiléir gan bhac an chró.

| Toisigh | Luach | Nótaí |
|---|---|---|
| Leithead cró ag an bpointe is leithne (mm) | | |
| Leithead cró ag an bpointe is cúinge (mm) | | De ghnáth ag barr an chró nó gar dó |
| Airde an chró luchtaithe (mm) | | Is é 800mm an t-íosriachtanas |
| Dromchla an chró lódáil ($cm^2$) | | Is é an t-íosriachtanas ná 12,800$cm^2$ |

Tabhair na grianghraif seo a leanas den fheithicil freisin:

- Grianghraf den chró lódáil cúil leis an doras oscailte go hiomlán. Ní mór grianghraf a thógáil ó díreach taobh thiar den fheithicil ionas go mbeidh cruth agus toisí an chró le feiceáil go soiléir.
- Grianghraf de chúl na feithicle agus an doras dúnta go hiomlán agus an pláta clárúcháin le feiceáil.
- Grianghraf(anna) den limistéar lasta, a thaispeánann méid agus cruth ginearálta an limistéir lasta.